Ábhar Tinreamh Mac Léinn: Neamhláithreacht á Thaifeadadh ag Scoileanna	Uimhir an Chiorcláin: 2010/07 Dáta 3ú Eisiúna 3 Deireadh Fómhair 2011
Spriocléitheoirí: • Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna deontaschúnta uile; • Baill foirne a bhfuil baint acu le riar na dtaifead tinrimh • Boird Oideachais agus Leabharlann; • Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil; • Cumann na gComhlachtaí Rialaithe; • Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Comhtháite; agus • Comhairle na Gaelscolaíochta.	**Feasacht Gobharnóirí:** Riachtanach
Achoimre ar an Chlár: Tugann an Ciorclán seo comhairle do scoileanna maidir le hathruithe ar chóid neamhláithreachta na mac léinn i dtaca le Modúl Tinrimh C2k atá á dtabhairt isteach ag tús na scoilbhliana 2010/11. Tá leagan leasaithe den leabhrán 'Cóid Neamhláithreachta: Treoir do Scoileanna' ceangailte le hAguisín A.	**Stádas an Chláir** Beart atá de dhíth Eolas do Scoileanna Doiciméid Ghaolmhara **Doiciméid Dhímholta:** Ciorclán 2010/07: 2ú heisiúint dar dháta 7 MF 2010 Ciorclán 2006/14 **Dáta Éaga:** Dada
Fiosrúcháin: Ba chóir gach fiosrúchán faoina bhfuil sa Chiorclán seo a chur chuig: An Fhoireann um Riachtanais Bhreise Oideachais An Roinn Oideachais Teach Ráth Giall 43 Bóthar Bhaile Aodha BEANNCHAR BT19 7PR	**Láithreán Gréasáin ROTÉ** http://www.deni.gov.uk Fón: 02891 279250 Facs: 02891 279100 Ríomhphost: additionaleducationalneedsteam@deni.gov.uk

RÉAMHRÁ

1. Tugann an Ciorclán seo comhairle do scoileanna maidir leis na hathruithe ar chóid neamhláithreachta na mac léinn laistigh de Mhodúl Tinrimh C2K a rachaidh i bhfeidhm ó thus na scoilbhliana 2010/11 agus athdhearbhaíonn sé an cleachtas reatha maidir le gnéithe eile a bhaineann le neamhláithreacht a thaifeadadh. Tá sonraí na gcód agus an dóigh ar chóir iad a úsáid leagtha amach sa leabhrán 'Cóid Neamhláithreachta: Treoir do Scoileanna' ag Aguisín A.

2. Tá na hathruithe ag tarlú de bharr an athbhreithnithe a rinne an Roinn ar an fhaisnéis a bailíodh faoi neamhláithreachtaí mac léinn agus an córas códúcháin a úsáideadh le hiad a thaifeadadh i Modúl Tinrimh C2k. Nocht an t-athbhreithniú seo go bhfuil gá le soiléiriú cén uair ba chóir cóid reatha a úsáid agus cóid úra a chruthú ionas gur féidir eolas níos mionsonraithe a fháil.

3. Tá an ciorclán seo á chur in ionad Ciorclán 2010/07: 2ú hEisiúint agus Ciorclán 2006:14 de chuid na RO 'Tinreamh Scoile: Neamhláithreacht á Thaifeadadh ag Scoileanna' agus ba chóir é a úsáid le Ciorclán 2010/08 'Treoir faoi Stádas Rollaithe na Mac Léinn, lena n-áirítear iad siúd atá faoi réir Atreoruithe SRO, ag úsáid Déchlárúcháin'.

4. Is é aidhm an Chiorcláin seo eolas a chur ar fáil maidir leis na cóid neamhláithreachta a n-éilíonn an Roinn ar scoileanna iad a úsáid agus neamhláithreachtaí á dtaifeadadh acu sa mhodúl tinrimh de chuid C2K, chun críocha sonraí staitistiúla a bhailiú ar na fáthanna le neamhláithreachtaí daltaí. Is féidir le scoileanna a ndiscréid fein a úsáid maidir le cad é mar ba chóir sonraí ar neamhláithreachtaí a úsáid chun críocha a gcuid taifead féin le cinneadh a dhéanamh ar an dóigh a dtabharfaidh siad aitheantas nó duais do dhalta a bhfuil dea-thaifead tinrimh aige/aici.

5. Ba cheart taifead cruinn a choinneáil de thinreamh/asláithreacht gach dalta ar scoil ar C2K nó d'fhéadfadh sé go mbeadh an t-eolas seo de dhíth chomh maith mar fhianaise i gcásanna asláithreachta ar bith a thabharfaí os comhair na cúirte.

Scéimeanna le Daltaí a Aithint as ucht Sár-Thinreamh Scoile

6. Ní éilíonn an Roinn ar scoileanna nó ar na Boird dea-thaifead tinrimh a aithint nó aon duais a bhronnadh dá thairbhe. Ach más mian le scoil iomlán tinrimh nó dea-thinreamh a aithint, thig leo a ndiscréid féin a úsáid maidir leis an dóigh a n-úsáideann siad sonraíocht ar bith atá taifeadta ar

C2K. Maidir le scéim dámhachtana i scoil ar leith gan a bheith ag teacht go hiomlán leis an tsonraíocht a ionchuirtear ar C2K, mar shampla, taifead 100%, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé le ciall é seo a chur san áireamh i bpolasaí lóganta tinrimh na scoile.

7. **Ó thaobh cheanglais na Roinne de, más rud é go mbíonn dalta as láthair ón scoil, ní mór é seo a thaifeadadh go cruinn ar C2K de réir na gcód neamhláithreachta.**

ATHRUITHE CÓDÚCHÁIN

8. Tá na príomhathruithe mar seo a leanas:

- **Cód A –** Cód Úr do 'Dianiarracht Ealaíonta'
- **Cód D –** Cód Úr do 'Níor cuireadh fáth leis an neamhláithreacht' (i ndiaidh 5 lá scoile i ndiaidh don dalta filleadh ar scoil)
- **Cód E** (Oideachas á fháil taobh amuigh den scoil). Níl sé seo i bhfeidhm níos mó agus briseadh síos i sraith cód úr uimhriúil é, cóid a shonraíonn cá háit a bhfuil dalta ag fáil oideachais le linn na tréimhse sin. Tá na cóid sin mar seo a leanas:
- **Cód 1** - Soláthar Malartach Oideachais (arna eagrú ag an BOL)
- **Cód 2** - Teagasc sa bhaile/san ospidéal (arna eagrú ag an BOL)
- **Cód 3** - Oideachas Roghnach sa Bhaile - Is cód sealadach é seo. Ba chóir é a úsáid leis an tréimhse neamhláithreachta a chlúdach idir an am a gcuireann an (na) tuismitheoir(í|) in iúl go bhfuil cinneadh déanta acu oideachas baile a roghnú dá bpáiste agus an am a n-eisíonn am príomhoide teastas láithreachta (Foirm SA1) do na tuismitheoirí. Foirm SA1 - http://www.hedni.org/NISR74_78.pdf
- **Cód 4** - Aonad Atreoraithe Daltaí
- **Cód 5 –** Scoil phríomhshrutha eile (faoi Chreat Teidlíochta – CT)
- **Cód 6** - Eagraíocht Oiliúna (faoi Chreat Teidlíochta – CT)
- **Cód 7** - Coláiste BO (faoi Theidlíocht - CT)
- **Cód 8** - Aonad Diantacaíochta Foghlama (Port an Ghiolla Ghruama nó Gleann na Móna)
- **Cód 9** - Socrúchán i Seirbhís Réiginúnach Meabhairshláinte *Beechcroft* do Pháistí agus do Dhéagóirí (SMPD)

- Tá **Cód N** á choinneáil le húsáid mar chód sealadach amháin. Más rud é gur fhill an dalta ar scoil agus, i ndiaidh 5 lá scoile, nár cuireadh aon fháth leis an neamhláithreacht, ba chóir an neamhláithreacht a bhogadh go dtí an cód úr, D.

- Níl **Cód T** (Neamhláithreacht Taistealaí) in úsáid níos mó. Ba chóir neamhláithreacht na ndaltaí uile a chódú sa dóigh chéanna beag beann ar eitneacht.

9. Lena chois sin, tá roinnt athruithe beaga breise ar bhrí statistiúil roinnt cód reatha. Ó thús na scoilbhliana 2011/12, táthar i ndiaidh athruithe suntasacha a dhéanamh ar Chóid M, O & Y agus táthar i ndiaidh soiléiriú breise a dhéanamh i dtaca le cóid eile.

10. Tá eolas sonrach faoi gach uile chód leagtha amach sa Treoir, lena n-áirítear samplaí de fháthanna le neamhláithreacht atá clúdaithe ag gach cód le cuidiú le scoileanna agus lena chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann.

TAIFID A CHOINNEÁIL

11. Caithfidh gach scoil leanúint ar aghaidh ag coinneáil cóipeanna de thaifid de thinreamh daltaí agus taifid de chlárú mac léinn do dheich mbliana ar a laghad ón dáta ar cuireadh deireadh le húsáid an leabhair thinrimh. Is féidir sin leagan clóite de na sonraí atá storáilte ar an chóras a chur ar fáil nó, ina áit sin, is féidir an cháipéisíocht a choinneáil ar diosca. Féadfaidh cóipeanna páipéir d'eolas mar sin a bheith de dhíth chun críocha fíoraithe, mar shampla iniúchadh ar líon na ndaltaí.

CUR I BHFEIDHM NA NATHRUITHE

12. Ba chóir tinreamh/neamhláithreacht daltaí a thaifeadadh ag tús sheisiúin chlárúcháin na maidine agus na hiarnóna. Níor cheart tinreamh a thaifeadadh sula dtosaíonn seisiún clárúcháin ach amháin sa chás go bhfaighfí réamhfhógra ar neamhláithreacht.

13. Ba chóir na cóid atá ar fáil sa treoir atá ceangailte leis seo a úsáid le tinreamh agus neamhláithreacht na ndaltaí a thaifeadadh le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2010/11.

AINMNEACHA DALTAÍ A BHAINT DEN CHLÁR

14. Féadfaidh ainm dalta a bhaint de chlár na scoile sna cásanna seo a leanas amháin:

	An fáth ar baineadh an t-ainm den chlár	**An dáta ar baineadh an t-ainm den liosta**
i.	Deimnhiú go bhfuil an dalta cláraithe ag scoil eile i dTuaisceart Éireann	An lá i ndiaidh dó/di bheith i láthair don uair dheireanach
ii.	D'fhág sé/sí Tuaisceart Éireann	An lá i ndiaidh dó/di bheith i láthair don uair dheireanach
iii.	Díbirt	An lá i ndiaidh na díbeartha
iv.	Bás	An lá i ndiaidh dó/di bás a fháil
v.	D'fhag sé/sí an scoil i ndiaidh dó/di a c(h)uid oideachais éigeantaigh a chríochnú	An lá i ndiaidh dó/di bheith i láthair don uair dheireanach
vi.	Cuireann tuismitheoir in iúl go bhfuil páiste á t(h)arraingt amach faoi Rialúchán 6(2) de Rialúcháin Cláraithe agus Tinrimh na nDaltaí (TÉ) [Uimh. 78], mar shampla, má roghnaítear oideachas sa bhaile.	An lá i ndiaidh dó/di bheith i láthair don uair dheireanach

AGUISÍN A

CÓID NEAMHLÁITHREACHTA

TREOIR DO SCOILEANNA

Meán Fómhair 2011

CLÁR

CÓID NEAMHLÁITHREACHTA: TREOIR DO SCOILEANNA

CÓD	CUR SÍOS	BRÍ STAITISTIÚIL	LEATHANACH
**/ **	I Láthair: / = (AM): \ = (PM)	I Láthair	1
A	Dianiarracht Ealaíonta	Neamhláithreacht Údaraithe	2
B	Méala	Neamhláithreacht Údaraithe	3
C	Curtha ar Fionraí	Neamhláithreacht Údaraithe	4
D	Níor cuireadh fáth leis an neamhláithreacht	Neamhláithreacht Neamhúdaraithe	5
F	Saoire Teaghlaigh (aontaithe)	Neamhláithreacht Údaraithe	6
G	Saoire Teaghlaigh (neamhaontaithe)	Neamhláithreacht Neamhúdaraithe	7
H	Neamhláithreacht Eile	Neamhláithreacht Neamhúdaraithe	8
I	Tinneas (ní coinní leighis ná coinní fiaclóra)	Neamhláithreacht Údaraithe	9
L	Mall (sular cuireadh deireadh leis an tréimhse clárúcháin)	I Láthair	10
M	Coinní Leighis/Fiaclóra	Neamhláithreacht Údaraithe	11
N	Níor cuireadh fáth ar bith leis an neamhláithreacht go fóill (cód sealadach amháin)	Neamhláithreacht Neamhúdaraithe	12
O	Cúinsí Eisceachtúla Eile	Neamhláithreacht Údaraithe	13-14
P	Gníomhaíocht Spóirt Fhaofa	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	15
R	Cleachtadh Reiligiúnach	Neamhláithreacht Údaraithe	16
S	Saoire Staidéir	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	17
U	Mall (i ndiaidh don tréimhse clárúcháin críochnú)	Neamhláithreacht Neamhúdaraithe	18
V	Cuairt Oideachasúil	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	19
W	Taithí Oibre	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	20
X	Níor chóir ach baill foirne a bheith i láthair	Ní gá freastal	21
Y	Dúnadh Eisceachtúil/Coinníollacha Eisceachtúla Aimsire	Ní gá freastal	22
*****	Níl sé/sí ar an rolla	Ní gá freastal	23
#	Saoire do chách	Ní gá freastal	24
!	Ní gá freastal	Ní gá freastal	25
1	Soláthar Malartach Oideachais (arna eagrú ag an BOL)	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	26

2	Teagasc sa bhaile/san ospidéal (arna eagrú ag an BOL)	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	27
3	Oideachas Roghnach sa Bhaile	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	28
4	Aonad Atreoraithe Daltaí	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	29
5	Scoil phríomhshrutha eile (faoi Chreat Teidlíochta – CT)	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	30
6	Eagraíocht Oiliúna (faoi CT)	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	31
7	Coláiste BO (faoi CT)	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	32
8	Aonad Diantacaíochta Foghlama	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	33
9	CAMHS	Gníomhaíocht Acadúil Fhaofa	34

CÓD CLÁRÚCHÁIN: / \

Cur síos achomair	**I Láthair** **/ = (AM):** **\ = (PM)**
Brí Staitistiúil	**I Láthair**
Brí Fhisiciúil	Istigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	I láthair ag an seisiún clárúcháin.

Eolas breise úsáideach:

Má fhágann dalta áitreabh scoile i ndiaidh clárúcháin chuirfí é/í san áireamh fós mar dhalta a bhí i láthair chun críocha staitistiúla.

Ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta, caithfidh scoileanna bheith ar an eolas maidir le cá háit a bhfuil daltaí, go háirithe iad siúd atá ag fágáil an áitribh nó ag teacht isteach chuige le linn seisiúin.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: A

Cur síos achomair	**Dianiarracht Ealaíonta**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Údaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Ag freastal ar imeacht a bhaineann le dianiarracht ealaíonta an dalta, nach raibh eagraithe tríd an scoil.

Eolas breise úsáideach:

Féadfaidh an cód seo a úsáid nuair a bhíonn dalta as láthair ó scoil le tabhairt faoi dhianiarracht ealaíonta nach raibh eagraithe ag an scoil mar pháirt de ghnáthghníomhaíochtaí scoile.

I measc na samplaí sin, bheadh triail aisteora; ag glacadh páirte i dtaispeántas nó i dtaifeadadh; ag iomaíocht i bhféile díospóireachta, ag déanamh scrúdú ceoil; ag freastal ar shearmanas bronnta; rannpháirtíocht in imeachtaí a bhaineann leis na hamharcealaíona srl.

I gcás go bhfuil dalta as láthair de bharr go bhfuil siad ag glacadh páirte i dtaibhléiriú poiblí, is í an scoil a chinnfidh cé acu ceadóidh sí an neamhláithreacht nó nach gceadóidh, fiú má tá an dalta á fhostú faoi cheadúnas arna eisiúint ag an Bhord Oideachais agus Leabharlann.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: B

Cur síos acomhair	**Méala**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Údaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Bás Garghaoil.

Eolas breise úsáideach:

Bás garghaoil – athair, máthair, siblín, seantuismitheoir, aintín, uncail, col ceathrair, nia, neacht, nó gaol eile ar ball den teaghlach é/í.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: C

Cur síos acomhair	**Curtha ar Fionraí**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Údaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Fanann dalta atá ar fionraí ar feadh tréimhse ar leabhar tinrimh na scoile. Ba chóir glacadh leis an neamhláithreacht sin mar údaraithe de bharr go bhfuil sí ag tarlú de bharr cinntí a rinne an scoil.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: D

Cur Síos Acomhair	**Níor cuireadh fáth ar bith leis an neamhláithreacht**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Neamhúdaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Níor cuireadh fáth leis an neamhláithreacht 5 lá scoile i ndiaidh don dalta filleadh ar scoil.

Eolas úsáideach breise:

Ba chóir gach iarracht a dhéanamh le fáil amach cad chuige a raibh dalta as láthair ón scoil. Mar sin féin, i ndiaidh tréimhse de 5 lá scoile i ndiaidh don dalta filleadh ar scoil; más rud é nárbh fhéidir fáth a fháil, ba chóir an neamhláithreacht a chódú ag úsáid Chód D.

Le linn na neamhláithreachta agus sa tréimhse thosaigh 5 lá scoile i ndiaidh don dalta filleadh ar scoil, féadfaidh Cód N (níor cuireadh fáth go fóill leis an neamhláithreacht) a úsáid mar chód sealadach.

Níor chóir Cód D a chur ar thaifead tinrimh dalta ach amháin i gcásanna eisceachtúla, ar nós nuair a tharla an neamhláithreacht ag deireadh na scoilbhliana.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: F

Cur Síos Acomhair	**Saoire Teaghlaigh (aontaithe)**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Údaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Níor chóir glacadh le saoirí teaghlaigh mar neamhláithreachtaí údaraithe ach amháin i gcúinsí fíoreisceachtúla.

Eolas úsáideach breise:

Ba chóir formhór na saoirí teaghlaigh a ghlactar le linn am téarma a chatagóiriú mar neamhláithreacht neamhúdaraithe (Cód G).

Mar sin féin, i gcúinsí fíoreisceachtúla féadfaidh scoileanna saoire teaghlaigh a údarú le linn am téarma. I measc na gcúinsí sin tá:

- Saoire teaghlaigh a mheastar atá tábhachtach do leas agus do chomhsheasmhacht an teaghlaigh, i ndiaidh tinneas tromchúiseach nó foirceanta, méala nó eachtraí trámacha eile.

I gcúinsí fíoreisceachtúla, féadfaidh neamhláithreacht a údarú ag úsáid Chód F.

Níor chóir saoire teaghlaigh atá rangaithe faoi ‘neamhláithreacht údaraithe’ (Cód F) fáthanna mar seo a chur san áireamh:

- Infhaighteacht saoirí saora
- Infhaighteacht lóistín inmhianaithe
- Drochaimsir le linn saoire scoile
- Saoire a fhorluíonn le tús nó le deireadh téarma.

I gcás nach n-iarrtar comhaontú na scoile roimh réidh agus má théann an dalta ar saoire, tá an neamhláithreacht sin neamhúdaraithe (Cód G). Má choinníonn tuismitheoirí páiste ar shiúl ó scoil do thréimhse atá níos faide nár mar a comhaontaíodh, déantar aon am breise a thaifeadadh mar neamhúdaraithe (Cód G).

CÓD CLÁRÚCHÁIN: G

Cur Síos Acomhair	**Saoire Teaghlaigh (NEAMHaontaithe)**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Neamhúdaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Níor chóir do thuismitheoirí daltaí a ghlacadh ar saoire de ghnáth le linn am téarma.

Eolas úsáideach breise:

Ba chóir formhór na saoirí teaghlaigh a ghlactar le linn am téarma a chatagóiriú mar neamhláithreacht neamhúdaraithe (Cód G). Bheadh saoire teaghlaigh rangaithe faoi chatagóir na 'neamhláithreachta neamhúdaraithe' ar chúiseanna ar nós:

- Infhaighteacht saoirí saora
- Infhaighteacht lóistín inmhianaithe
- Drochaimsir le linn saoire scoile
- Saoire a fhorluíonn ag tús nó ag deireadh téarma.

I gcás nach ndéantar iarracht comhaontú na scoile a fháil roimh réidh agus má théann an dalta ar saoire, tá an neamhláithreacht sin neamhúdaraithe (Cód G).

Má choinníonn tuismitheoirí páiste ar shiúl ó scoil do thréimhse atá níos faide ná mar a comhaontaíodh, déantar aon am breise a thaifeadadh mar neamhúdaraithe (Cód G).

Mar sin féin, i gcúinsí fíoreisceachtúla féadfaidh scoileanna saoire teaghlaigh a údarú le linn am téarma. I measc na gcúinsí sin tá:

- Saoire teaghlaigh a mheastar atá tábhachtach do leas agus do chomhsheasmhacht an teaghlaigh, i ndiaidh tinneas tromchúiseach nó foirceanta, méala nó eachtraí trámacha eile.

I gcúinsí fíoreisceachtúla, féadfaidh neamhláithreacht a údarú ag úsáid Chód F.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: H

Cur Síos Acomhair	**Neamhláithreacht Eile**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Neamhúdaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Neamhláithreacht eile nach bhfuil clúdaithe ag cód ar bith eile.

Eolas úsáideach breise:

Neamhláithreachtaí eile nach bhfuil clúdaithe ag cód ar bith eile i gcás nach bhfuil an fáth inghlactha ag an scoil.

Samplaí:

- Tinneas nár cuireadh in iúl nó líomhain bhréagach tinnis
- Breithlá dalta/tuismitheora/siblín
- Siopadóireacht
- Bearradh gruaige a fháil
- Ní raibh sé/sí in ann éirí

Tabhair do d'aire gur chóir neamhláithreachtaí neamh-mhínithe a thaifeadadh faoi chód N (ag an tús) agus ansin Cód D (féach leathanaigh 5 agus 12).

CÓD CLÁRÚCHÁIN: I

Cur Síos Acomhair	**Tinneas (ní coinní leighis ná fiaclóra)**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Údaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Tá an cód seo le húsáid nuair a ghlaonn tuismitheoirí le rá go bhfuil a bpáiste tinn nó nuair a chuireann tuismitheoirí litir i ndiaidh na tréimhse tinnis le neamhláithreacht an pháiste a mhíniú.

Eolas úsáideach breise:

Ba chóir comhairle a chur ar thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil a luaithe agus is féidir nuair a bhíonn páiste tinn.

Má tá dalta i láthair don chlárúchán agus filleann sé/sí abhaile de bharr tinnis, ní gá aon neamhláithreacht a thaifeadadh don seisiún sin. Ba chóir do scoileanna taifead a choinneáil ar dhaltaí a fhágann an scoil nó a thagann ar ais ar scoil i gcás éigeandála.

Má tá dalta as láthair ón chlárúchán de bharr coinne leighis, fiaclóra nó ospidéil, ba cheart an neamhláithreacht a chlárú le Cód M (agus thig é seo a athrú ina dhiaidh seo go dtí i láthair) - féach an t-eolas maidir le Cód M ar lch 11).

Aon dalta a bhfuil cóireáil leighis á cur air/uirthi sa scoil; ba chóir é/í a mharcáil mar 'i láthair'.

Is féidir le scoileanna iarraidh ar thuismitheoirí fianaise tacaíochta leighis a sholáthar i gcás tinnis. Fad is gur féidir le scoileanna fianaise leighis a iarraidh le tacú le neamhláithreacht i gcás tinnis, moltar gan teastais leighis a iarraidh mura bhfuil gá leis (go háirithe teastais shiarghabhálacha), go háirithe murar chuir dochtúir cóireáil ar an dalta ag an am.

Má tá amhras ann maidir le barántúlacht an tinnis, is féidir le scoileanna an neamhláithreacht a thaifeadadh mar neamhláithreacht eile (Cód H) ach ba chóir an méid sin a chur in iúl do thuismitheoirí.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: L

Cur Síos Acomhair	**Mall (sular cuireadh deireadh leis an chlárúchán)**
Brí Staitistiúil	**I láthair**
Brí Fhisiciúil	Mall don seisiún
Sainmhíniú RO	Ba chóir do scoileanna daltaí a spreagadh gan a bheith mall. Ba chóir go mbeadh polasaí ag scoileanna maidir le cé chomh fada agus ba chóir leabhair thinrimh a choinneáil oscailte. I gcúinsí ar nós drochaimsire nó deacrachtaí le hiompar poiblí, féadfaidh scoileanna an leabhar tinrimh a choinneáil oscailte do thréimhse níos faide.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: M

Cur Síos Acomhair	**Coinní Leighis/Fiaclóra**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Údaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Mura bhfuil dalta i láthair do chlárúchán de bharr coinne dochtúra nó fiaclóra is neamhláithreacht údaraithe atá ann. Ba chóir tuismitheoirí agus daltaí a spreagadh le coinní a dhéanamh taobh amuigh d'uaireanta scoile.

Eolas úsáideach breise:

Seo a leanas roinnt samplaí de choinní leighis:

- Freastal ar lialann dochtúra
- Freastal ar lialann fiaclóra
- Coinní ospidéil (ní tréimhse in ospidéail, rud ar chóir Cód I a úsáid fána coinne).

Má tá dalta i láthair le haghaidh clárúcháin ach tá coinne leighis aige/aici níos moille, ní gá aon neamhláithreacht a thaifeadadh don seisiún sin.

Mura bhfuil dalta i láthair don chlárúchán de bharr coinne leighis, **ar tugadh réamhfhógra don scoil ina thaobh,** ach má thagann sé/í ar ais ar scoil **laistigh den seisiún sin**, ba cheart an cód clárúcháin a athrú ó M go dtí / nó \ de réir mar is cuí (i.e. i láthair).

Ar chúiseanna Sláinte agus Sábháilteachta nó i gcás éigeandála, caithfidh córas a bheith ann le taifeadadh gur tháinig dalta chun na scoile nó gur fhág dalta an scoil le linn an tseisiúin.

Ba chóir cárta coinne a iarraidh mura bhfuil dalta ag freastal ar scoil go rialta.

Is féidir Cód M a úsáid do chuid den seisiún, ie, AM nó PM.

Má tá cóireáil leighis á cur ar dhalta sa scoil nó má tá an chóireáil leighis sin á heagrú ag an scoil, ba chóir an dalta sin a mharcáil mar 'i láthair'.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: N

Cur Síos Acomhair	**Níor cuireadh fáth leis an neamhláithreacht go fóill**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Neamhúdaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Níor cuireadh fáth ar bith leis an neamhláithreacht go fóill – cód sealadach nach féidir a úsáid ach amháin le linn na neamhláithreachta agus sa tréimhse thosaigh 5 lá scoile i ndiaidh don dalta filleadh ar scoil.

Eolas úsáideach breise:

Ba chóir an cód seo a úsáid le neamhláithreacht neamh-mhínithe a chlúdach agus bainfear úsáid as go dtí go bhfillfidh an dalta.

Ba cheart don scoil gach iarracht a dhéanamh na fáthanna a raibh dalta as láthair ón scoil a fháil amach.

Murar tugadh aon mhíniú ar an neamhláithreacht, i ndiaidh don dalta a bheith ar ais ar scoil le 5 lá scoile; ba chóir an cód a athrú go dtí D.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: O

Cur Síos Acomhair	**Cúinsí eisceachtúla eile**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Údaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Ócáidí speisialta ag discréid na scoile nó imeacht eisceachtúil taobh amuigh de smacht an dalta.

Eolas úsáideach breise: (Is samplaí léiritheacha iad seo agus níl muid ag maíomh gur liosta uileghabhálach atá ann)

Ní féidir cead neamhláithreachta a thabhairt ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Ba chóir do scoileanna gach iarratas a bhreithniú go hindibhidiúil agus na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

- An cineál imeachta atá i gceist
- Cé chomh minic agus a tharlaíonn sé (an imeacht aonuaire atá ann nó an dócha go mbeidh sé ag tarlú ar bhonn rialta?)
- Ar thug an tuismitheoir réamhfhógra?
- Patrún foriomlán tinrimh an dalta.

D'fhéadfadh cásanna ar nós: freastal ar bhainis bhall den neasteaghlach, dul os comhair na cúirte nó taisteal ar chúiseanna cultúrtha a bheith i measc na samplaí.

Cúramóirí Óga

- I gcás géarchéime, is féidir le scoil neamhláithreacht a fhaomhadh do pháiste le cúram a thabhairt do dhuine múinteartha go dtí gur féidir socruithe eile a dhéanamh.

Breith linbh

- Ba chóir tacaíocht a dhíriú ar an dalta a choinneáil sa scoil oiread agus is féidir, agus le cuidiú di filleadh ar a cuid oideachais lánaimseartha a luaithe agus is féidir i ndiaidh bhreith an linbh.

Is féidir níos mó eolais faoi Mháithreacha ag Aois Scoile a fháil ag www.deni.gov.uk/department_of_education_statement_on_school_age_mothers-4.doc

Aire: Sa chás go gcuirfeadh teagmhas eisceachtúil, amhail coinníollacha eisceachtúla aimsire, teip ar Chóras Iompair an Bhoird, as don tinreamh scoile, féach an treoir faoi Chód Y.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: P

Cur Síos Acomhair	**Gníomhaíocht spóirt fhaofa**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Tá an dalta ag glacadh páirte i ngíomhaíocht fhaofa nó ag freastal uirthi.

Eolas úsáideach breise:

Páirt amaitéarach a ghlacadh i spórt atá eagraithe ag scoil(eanna) nó mar ionadaí ag leibhéal na tíre, ag leibhéal an chúige nó ag leibhéal idirnáisiúnta.

Glacfar leis an bhrí staitistiúil, Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa, mar ‘i láthair’ chun críocha staitistiúla.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: R

Cur Síos Acomhair	**Cleachtadh reiligiúnach**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Údaraithe**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Tá an neamhláithreacht le tarlú ar aon lá atá leagtha amach go sonrach do chleachtadh reiligiúnach ag an ghrúpa reiligiúnach lena mbaineann an/na tuismitheoir(í) le páirt a ghlacadh ann, lena n-áirítear féilte reiligiúnacha. Ba chóir tuismitheoir(í)/cúramóirí a spreagadh le réamhfhógra a thabhairt.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: S

Cur Síos Acomhair	**Saoire staidéir**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Ba chóir saoire staidéir a cheadú d'iarrthóirí áirithe le linn thréimhse na scrúduithe de réir mar atá aontaithe ag an scoil.

Eolas úsáideach breise:

Glacfar leis an bhrí staitistiúil, Gníomhaíocht Oideachais Faofa, mar 'i láthair' chun críocha staitistiúla.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: U

Cur Síos Acomhair	**Mall (i ndiaidh an chlárúcháin)**
Brí Staitistiúil	**Neamhláithreacht Neamhúdaraithe**
Brí Fhisiciúil	Mall don seisiún
Sainmhíniú RO	Ba chóir do scoileanna daltaí a spreagadh gan a bheith ag teacht isteach mall. Ba chóir go mbeadh polasaí ag scoileanna maidir le cé chomh fada agus ba chóir leabhair thinrimh a choinneáil oscailte. I gcás drochaimsire nó má tá deacrachtaí ann le hiompar poiblí, féadfaidh scoileanna an leabhar tinrimh a choinneáil oscailte do thréimhse níos faide.

Eolas úsáideach breise:

Ba chóir an cód a úsáid nuair a thagann dalta isteach i ndiaidh na tréimhse clárúcháin gan aon chúis bhailí é a chódú bealach ar bith eile. Mar shampla, má thagann dalta isteach go mall (i ndiaidh do na leabhair thinrimh a dhúnadh) mar nach raibh sé/sí ábalta a c(h)uid bróg a fháil/go raibh a (h)éide scoile ag triomú sa triomadóir/go raibh a s(h)iblín níos óige ag tógáil racáin, ba chóir an cód U a úsáid.

Má thagann dalta isteach go mall (i ndiaidh do na leabhair thinrimh a dhúnadh) de bharr coinne dochtúra nó fiaclóra, bain úsáid as an chód M.

Ar chúiseanna Sláinte agus Sábháilteachta, ní mór do scoileanna a bheith ar an eolas maidir le cá háit a bhfuil daltaí, go háirithe iad siúd atá ag fágáil nó ag teacht isteach chun na scoile le linn seisiúin. D'fhéadfaí sin a dhéanamh trí chóras páipéir in oifig na scoile le taifeadadh gur tháinig dalta isteach chun áitreabh na scoile le linn seisiúin.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: V

Cur Síos Acomhair	**Cuairt Oideachasúil**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Turais agus cuairteanna arna n-eagrú ag scoil(eanna), lena n-áirítear turais chónaithe. Is féidir é a úsáid fosta do thurais eile atá dírithe ar chúrsaí oideachais agus atá eagraithe ag eagraíochtaí eile, fad is go bhfuil siad faoi mhaoirseacht.

Eolas úsáideach breise:

Is féidir Cód V a úsáid fosta d'agallamh acadúil. Ba chóir go mbeadh an scoil sásta go mbaineann an t-agallamh le hoideachas san am atá le teacht.

Glacfar leis an bhrí staitistiúil, Gníomhaíocht Oideachais Faofa, mar 'i láthair' chun críocha staitistiúla.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: W

Cur Síos Acomhair	**Taithí oibre**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Ní mór do scoileanna a chinntiú go ndéanann siad seiceáil ar thinreamh an dalta ag an socrúchán taithí oibre agus an leabhar tinrimh a mharcáil de réir mar is cuí.

Eolas úsáideach breise:

Ba chóir go mbeadh taithí oibre socraithe ag an scoil nó i gcomhpháirt leis an scoil.

Ní féidir ach taithí oibre atá faoi mhaoirseacht a chur san áireamh mar Ghníomhaíocht Oideachais Fhaofa.

Is féidir Cód W a úsáid d'agallamh fosta. Ba chóir go mbeadh an scoil sásta go mbaineann an t-agallamh le hionchais fostaíochta san am atá le teacht.

Glacfar leis an bhrí staitistiúil, Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa, mar 'i láthair' chun críocha staitistiúla.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: X

Cur Síos Acomhair	**Níor chóir ach baill foirne bheith i láthair**
Brí Staitistiúil	**Ní gá bheith i láthair**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Laethanta ar gá do mhúinteoirí bheith sa scoil ach ní gá do dhaltaí freastal; mar shampla, oiliúint foirne/INSET/laethanta forbartha scoileanna.

Eolas úsáideach breise:

Is féidir Cód X a úsáid do chuid den seisiún, ie, AM nó PM.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: Y

Cur Síos Acomhair	**Dúnadh eisceachtúil**
Brí Staitistiúil	**Ní gá bheith i láthair**
Brí Fhisiciúil	Ní gá bheith ar scoil
Sainmhíniú RO	Déanfaidh an Roinn breithniú ar iarratas ar laghdú i líon na laethanta a bhfuil scoil ag feidhmiú le cúinsí eisceachtúla áirithe a chur san áireamh i gcás go bhfuil dúnadh na scoile taobh amuigh de smacht na n-údarás scoile. Thig Cód Y a úsáid chomh maith do ghrúpaí ranga nó daltaí aonair sna cásanna eisceachtúla áirithe.

Eolas úsáideach breise:

Seo a leanas roinnt samplaí de dhúnadh eisceachtúil ar leith:

- Bás múinteora nó dalta ag an scoil
- Tuile nó píobaí réabtha ag an scoil
- Cliseadh leictreachais
- Damáiste don scoil
- Droch-choinníollacha aimsire m.sh., sneachta trom
- Tá an scoil in úsáid mar stáisiún vótála do thoghcháin pharlaiminte/rialtais áitiúil.

<u>Druidim na Scoile ina hIomláine</u>

Déanfaidh an Roinn breithniú ar aon iarratas ar laghdú ar líon na laethanta ar a bhfuil an scoil le feidhmiú d'fhonn cúinsí sainiúla eisceachtúla a chur san áireamh nuair nach mbeadh aon smacht ag údaráis na scoile ar an scoil druidim go hiomlán.

Níor cheart do scoileanna an cód seo a úsáid don scoil iomlán ach amháin má tá iarratas i scríbhinn déanta acu agus cead faighte acu ó Fhoireann Tacaíochta Curaclaim na Roinne lá/laethanta eisceachtúla druidte a ghlacadh.

Tá tagairt dó seo i gCiorclán 2005/08 agus thig teacht air seo ag
http://www.deni.gov.uk/79_circular_2005-08_school_closures.pdf

Páirtdhruidim

D'fhágfadh cúinsí eisceachtúla go mbeadh páirt den scoil druidte de bharr cúis dósheachanta, m.sh. sa chás go mbeadh scoil ag feidhmiú ar dhá shuíomh agus ceann amháin den dá shuíomh sin thíos leis an pháirtdhruidim.

Má tá páirt den scoil druidte, ní thig Cód Y a úsáid ach amháin do na bliainghrúpaí atá thíos leis seo.

Daltaí Aonair

D'fhéadfadh sé go mbeadh an cód seo fóirsteanach lena úsáid sna cásanna eisceachtúla a leanas a chuirfeadh as do thinreamh an dalta agus nach mbeadh aon smacht ag an dalta orthu:

- Teip ar Chóras Iompair an Bhoird
- An dalta gan a bheith in ann taisteal de dheasca drochaimsire

Maidir le gach cúinse eisceachtúil eile, ba cheart Cód O a úsáid.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: *

Cur Síos Acomhair	**Níl sé/sí ar an rolla**
Brí Staitistiúil	**Ní gá bheith i láthair**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Dada

Eolas úsáideach breise:

Má thosaíonn dalta ag freastal ar scoil nó má fhágann sé/sí scoil le linn bliain acadúil bainfidh an córas úsáid as cód * do dhátaí nuair nach raibh an dalta ar rolla.

Tabhair do d'aire: Is cód córais é seo agus ní féidir leis an úsáideoir é a roghnú.

CÓD CLÁRÚCHÁIN:

Cur Síos Acomhair	**Saoire do chách**
Brí Staitistiúil	**Ní gá bheith i láthair**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Saoire scoile nuair nach gá do dhaltaí ná baill foirne bheith i láthair.

Eolas úsáideach breise:

Seo a leanas roinnt samplaí:

- Idir téarmaí
- Leath-théarmaí
- Laethanta ócáideacha nuair a bhíonn an scoil iomlán (baill foirne san áireamh) ar saoire
- Deirí seachtaine

Níor chóir do na pointí seo a leanas a theacht faoi Chód #:

- Laethanta INSET múinteoirí (úsáid Cód X)
- Dúnadh eisceachtúil m.sh. scoileanna in úsáid mar staisiúin vótála (úsáid Cód Y).

CÓD CLÁRÚCHÁIN: !

Cur Síos Acomhair	**Ní gá bheith i láthair**
Brí Staitistiúil	**Ní gá bheith i láthair**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Dada

Eolas úsáideach breise:

Ba cheart Cód ! a úsáid go sonrach d'aonaid pháirtaimseartha naíscolaíochta i gcás go mb'fhéidir nach mbeadh tinreamh de dhíth le linn sheisiún na maidine nó na hiarnóna.

D'fhéadfaí fosta seisiúin a chlárú faoi '!' i gcás na ndaltaí atá faoi réir 'Déchlárúchán' – tá tagairt dó seo i gCiorclán 2010/08 'Treoir ar Stádas Clárúcháin Daltaí, lena n-áirítear iad siúd atá faoi Atreorú RSO, agus Déchlárúcháin' agus thig teacht air ag http://www.deni.gov.uk/dual_registration_circular_-_irish_version.pdf

CÓD CLÁRÚCHÁIN: 1

Cur Síos Acomhair	**Soláthar Malartach Oideachais (arna eagrú ag an BOL)**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Dalta cláraithe atá ag freastal ar shuíomh ina bhfuil Oideachas Malartach á Sholáthar (OMS) arna cheadú ag an Bhord Oideachais agus Leabharlann (BOL).

Eolas úsáideach breise:

Glacfar le 'Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa' mar 'i láthair' chun críocha staitistiúla.

Tá OMS ann do dhaltaí ag Eochairchéim 4 amháin. D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt eisceachtaí ann maidir le socrúcháin SOM do dhaltaí EC3.

Ní mór socrúchán dalta i SOM a shocrú tríd an Bhord Oideachais agus Leabharlann chuí.

Fanann an dalta ar rolla na scoile agus tá sé d'fhreagracht ar an scoil nósanna imeachta a chur i bhfeidhm d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh an dalta sa SOM.

Aire:
Is scoil speisialta í Lakewood School agus ní SOM. Baineann an déchlárúchán leis an chás seo, mar sin de. Féach Ciorclán 2010/08 'Treoir faoi Stádas Rollaithe na Mac Léinn, lena n-áirítear iad siúd atá faoi réir Atreoruithe SRO, ag úsáid Déchlárúcháin' - http://www.deni.gov.uk/dual_registration_circular_-_irish_version.pdf

CÓD CLÁRÚCHÁIN: 2

Cur Síos Acomhair	**Teagasc baile/ospidéil (arna eagrú ag an BOL)**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Dalta cláraithe atá ag fáil a c(h)uid oideachais sa bhaile nó san ospidéal faoi shocruithe arna bhfaomhadh ag an Bhord.

Eolas úsáideach breise:

Glacfar le Gníomhaíocht Oideachais Faofa mar ‘i láthair’ chun críocha staitistiúla.

Ba chóir an teagasc a fhaightear fad is go bhfuil dalta ina (h)othar i saoráid de chuid Sheirbhís Meabhairshláinte do Pháistí agus do Dhéagóirí (SMPD) a chódú trí chód 9 a úsáid.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: 3

Cur Síos Acomhair	**Oideachas Baile Roghnach**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Dalta cláraithe ar roghnaigh a c(h)uid tuismitheoirí/cúramóirí oideachas a thabhairt dó/di sa bhaile agus chuir siad an scoil nó an BOL ar an eolas faoi sin.

Eolas úsáideach breise:

Glacfar le Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa mar 'i láthair' chun críocha staitistiúla.

Ba chóir an cód seo a úsáid ón dáta a chuireann an tuismitheoir in iúl don Phríomhoide gur shocraigh sé/sí oideachas a thabhairt dá p(h)áiste sa bhaile go dtí go dtugann an Príomhoide teastas tinrimh (Foirm S.A.1) don tuismitheoir, a thugann an fáth ar baineadh an páiste amach as an scoil mar "oideachas baile roghnach".

Thig teacht ar chóipeanna den Fhoirm S.A. 1 ag

http://www.hedni.org/NISR74_78.pdf

Nuair a eisítear Foirm S.A.1, is féidir an dalta a bhaint den chlárleabhar Ghinearálta agus ní bheidh gá feasta lena t(h)inreamh a chlárú.

Ba cheart don scoil cóip chomhlánaithe den fhoirm seo a choinneáil agus cóip a chur ar aghaidh chuig an tSeirbhís Leasa Oideachais sa Bhord iomchuí, mar eolas dóibh.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: 4

Cur Síos Acomhair	**Aonad Atreoraithe Daltaí**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Dalta cláraithe atá ag fáil a c(h)uid oideachais taobh amuigh den scoil ag Aonad Atreoraithe Daltaí arna eagrú agus arna ceadú ag an Bhord Oideachais agus Leabharlann (BOL).

Eolas úsáideach breise:

Glacfar le Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa mar ‘i láthair’ chun críocha staitistiúla.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: 5

Cur Síos Acomhair	**Scoil Phríomhshrutha Eile (faoi Chreat Teidlíochta – CT)**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Dalta cláraithe atá ag fáil a c(h)uid oideachais taobh amuigh den scoil ag scoil phríomhshrutha eile (faoin CT).

Eolas úsáideach breise:

Féadfaidh an dalta a bheith ag freastal ar laethanta nó ar sheisiúin ag iar-bhunscoileanna eile do chúrsaí roghnaithe trí shocruithe faoin Chreat Teidlíochta.

Glacfar le Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa mar ‘i láthair’ chun críocha staitistiúla.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: 6

Cur Síos Acomhair	**Eagraíocht Oiliúna (faoi Chreat Teidlíochta – CT)**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Dalta cláraithe atá ag fáil a c(h)uid oideachais taobh amuigh den scoil ag eagraíocht oiliúna eile (faoin CT).

Eolas úsáideach breise:

Daltaí atá ag freastal ar laethanta nó ar sheisiúin ag eagraíocht oiliúna trí shocruithe atá déanta faoin Chreat Teidlíochta.

Glacfar le Gníomhaíocht Oideachais Faofa mar ‘i láthair’ chun críocha staitistiúla.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: 7

Cur Síos Acomhair	**Coláiste Breisoideachais (BO) (faoi Chreat Teidlíochta - CT)**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Dalta cláraithe atá ag fáil a c(h)uid oideachais taobh amuigh den scoil ag Coláiste BO eile (faoin CT).

Eolas úsáideach breise:

Daltaí atá ag freastal ar laethanta nó ar sheisiúin ag coláiste BO faoi shocruithe an Chreata Teidlíochta.

Glacfar le Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa mar ‘i láthair’ chun críocha staitistiúla.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: 8

Cur Síos Acomhair	**Aonad Diantacaíochta Foghlama**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Dalta cláraithe atá ag fáil a c(h)uid oideachais taobh amuigh den scoil i láthair na huaire ag Aonad Diantacaíochta Foghlama (ADTF).

Eolas úsáideach breise:

Glacfar le Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa mar 'i láthair' chun críocha staitistiúla.

Ba chóir an cód seo a úsáid do dhaltaí atá ag fáil a gcuid oideachais in ADTF i bPort an Ghiolla Ghruama nó i nGleann na Móna.

CÓD CLÁRÚCHÁIN: 9

Cur Síos Acomhair	**SMPD**
Brí Staitistiúil	**Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa**
Brí Fhisiciúil	Amuigh don seisiún iomlán
Sainmhíniú RO	Dalta cláraithe atá ag fáil a c(h)uid oideachais taobh amuigh den scoil i láthair na huaire fad is go bhfuil sé/sí ina (h)othar ag saoráid de chuid Sheirbhís Meabhairshláinte do Pháistí agus do Dhéagóirí (SMPD).

Eolas úsáideach breise:

Glacfar le Gníomhaíocht Oideachais Fhaofa mar 'i láthair' chun críocha staitistiúla.

Ba chóir an cód seo a úsáid do dhaltaí a cuireadh faoi chúram Sheirbhís Réigiúnach Meabhairshláinte *Beechcroft* do Pháistí agus do Dhéagóirí (SMPD).